go forleathan a bhéas ann. Éistfe mé leis an nGaeltacht go fóilleach. Tá trí nó ceathair de bhealaigh ar féidir tabhairt faoi ar fud na tíre. (1) an seanbhealach, is é sin aighneas agus argóint, leitreachaí a scríobh ag ranna rialtais ag iarra do chirt, rúin a chur i bhfeidhm, toscairí agus mar sin de. Ní dóigh liom go bhfuil mórán soilis sa mbealach seo a thuille, ach amháin in éindigh le friotaíocht fheidhmiúil, **active resistance.** Caithfear rud a chur as don Roinn Rialtais, don oifig, don chumann, nó pé ar bith céard atá i gceist. Rinneadh beagán dhe seo cheana i gcás na Gaeilge, ach is beag é. Suí síos, b'fhéidir, in oifig nó taobh amuigh, scanail a fhoilsiú faoi Aire, nó ard-oifigeach — "má tá an cuspóir ceart tá modh nó meán a bhainte amach ceart" — tosú ag ithe lóin as cúl do ghlaice istigh san áit. Tá céad bealach eile le ballséire a dhéanamh. É seo a choinneáil ar bun go rialta ach na hionaid a athrú. Billeoga a dháil ar an bpobal i gcónaí ag míniú do chúise, billeogaí ar cóir dóibh a bheith scríofa agus leagtha amach go réasúnach.

Bhí sé ag cinnt orm féin foirm Ghaeilge a bhain le bás mo mhná a fháil ó Ard-oifig an Phosta cúpla bliain ó shoin. Thug mé fuagra dhóibh agus lá cairde. Dúirt mé go ndéanfainn rud eicínt, gan rá céard é, mara bhfaghainn sásamh. Séard a bhí beartaithe agam a dhul isteach sa seomra áirid ar bhain mo chás leis, Seomra an Bhanc Taisce, cúpla mála mór leabhar a thabairt isteach liom, tosú ag léamh agus ag scríobh ag an mbord agus gan imeacht nó go ngabhtaí mé. I gcás go mbeadh cead mo choise agam tráthnóna suí ag an doras. É seo a choinneáil seadaithe. Chuir siad scéala agam roimh an lá cairde go raibh aithne ag Aire eicínt orm agus gur mise an duine a bhí i gceist agus mar sin nár chaill an fhoirm in aon teanga anois! Níorbh fhéidir an scéal a chur ní b'fhaide.

Den gné seo freisin na picéid. Tá sé de dhualgas orainn óstáin scannall-ach seo na Gaeltacht a choinneáil poiblithe nó go mbeidh siad in a ndearg-scanail i mbéal chuile dhuine. Ach ná bí ag dul ar chuile phicéad. An té a fheictear ar chuile phicéad níl maith ann ar aon phicéad. Is fíor a rá nach bhfuil ann ach duine atá ag dul ar phicéid ar mhaith le bheith ar phicéid.

Tá an cur isteach nó an t-idirbhearnú in áiteachaí poiblí an-chumasach freisin, ach é a dhéanamh go stuama, agus gan é a dhéanamh faoi dhó ar an mbealach céanna. Caithfear Airí nó daoine eile a thiocfas ag sclaib-éaracht agus ag siosca bréag ag tionóil a dhéanamh cho míshocúil is gur fearr leo fanacht sa mbaile ná seansáil an fhírinne a chur as a riocht.

Tá súil againn go bhfuilimid réidh leis an achainí agus an siniúchán leibideach. Mar sin féin d'fhéadfadh fóint áirid a bheith sa rud seo scaití, mar thaispeáin an Fhrithachainí.

Caithfe gluaiseacht na Gaeilge a bheith cho glic leis na sionnaigh, chuile eolas a bheith againn faoi chuile dhuine, chuile rún a bheith againn, chuile rún bán, breac, balbh a bheith againn as oifig an Choirnéil cho maith le as oifigí an Rialtais. Ach caithfe muid fasca a bheith ionainn i dtaobh foinsí an eolais. Sin rud nach bhfuil i gcuid againn. Ba é buille na speirthe in aghaidh an LFM an t-eolas a fritheadh ar ghnathaí mhí-shóisialta a gcinnire. Dhá mbeadh sraca ar bith i ngluaiseacht na Gaeilge anois bheidís in ann iad féin a chur i bhfeidhm ar Chumann Luth-Chleas Gael sa gcaoi nach ligfidís cluichí móra, Craobh Chonnacht anuraidh cuir i gcás, a imirt i mbéal Átha na Sluaí. Chaillfeadh